Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Meitheamh 2026 (OR. en)**

**10754/26**

**AGRILEG 166**
**PESTICIDE 48**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coimisiún Eorpach |
| dáta a fuarthas: | 17 Meitheamh 2026 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | D108181/06 |
| Ábhar: | RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an XXX lena leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh alfa-cipirmeitrine agus cipirmeitrine i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D108181/06.

---

Faoi iamh: D108181/06

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, XXX
PLAN/2023/1863
(POOL/E4/2023/1863/1863-EN.docx)
D108181/06
[…](2026) XXX draft

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh alfa-cipirmeitrine agus cipirmeitrine i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh alfa-cipirmeitrine agus cipirmeitrine i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 14(1), pointe (a) agus Airteagal 49(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcás cipirmeitrine, socraíodh uasleibhéil iarmhar ('MRLanna') in Iarscríbhinn II agus i gCuid B d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(2) Is éard atá sa ghrúpa cipirmeitriní meascáin éagsúla isiméirí: cipirmeitrin, alfa-cipirmeitrin, béite-cipirmeitrin agus zéite-cipirmeitrin, faoin sainmhíniú ar iarmhair 'cipirmeitrin (cipirmeitrin lena n-áirítear meascáin eile isiméirí comhábhartha (suim d'isiméirí))'. Dheimhnigh an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') an sainmhíniú sin ar iarmhair de réir mar is iomchuí[2]. I gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], údaraítear

1 IO L 70, 16.3.2005, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2005/396/oj.

2 An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia, Tuairim réasúnaithe maidir leis an Athbhreithniú ar na sainmhínithe ar iarmhair le haghaidh measúnú riosca ar phireatróidí lena bhfoirmítear meitibilítí coiteanna; *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2023;21(5):8022, https://doi.org/10.2903/j.efsa.2023.8022.

3 Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 309, 24.11.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1107/oj).

cipirmeitrin[4] san Aontas, ach ní údaraítear alfa-cipirmeitrin[5], béite-cipirmeitrin[6] ná zéite-cipirmeitrin[7].

(3) D'fhoilsigh an tÚdarás tuairim réasúnaithe maidir leis an athbhreithniú ar na MRLanna atá ann cheana le haghaidh cipirmeitriní i gcomhréir le hAirteagal 12(1) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005[8]. Shainaithin an tÚdarás rioscaí féideartha maidir leis na MRLanna atá ann faoi láthair le haghaidh cipirmeitriní in oráistí, cainchí, fíonchaora boird, fíniúnacha coiteanna, torthaí réaltúla, prátaí, meacain bhiatais, meacain dhearga, soiliriac/soilire tornapa, meacain bhána, raidisí, salsabh, svaeideanna, tornapaí, oinniúin, trátaí, mealbhacáin, brocailí, cabáistí cinn, ceathrúna uain, ruachán Rómhánach, mustard dearg, biolair uisce, costóg, síobhas, peirsil, sáiste, basal agus bláthanna inite, pónairí (iad úr, a bhfuil faighneoga acu), lintilí (iad úr), lus súgach, soilirí, biabhóg agus rís, agus ar na nithe sin ar fad, i gcás nach mbeadh ach alfa-cipirmeitrin in iarmhair, ar comhdhúil níos tocsainí í. Cé go bhféadfaí na MRLanna le haghaidh cipirmeitrine i gcás na dtáirgí bia sin a ísliú go dtí na teorainneacha cinnidh mar chur chuige chun cosaint tomhaltóirí a áirithiú, measann an Coimisiún gur cur chuige comhréireach é dhá shraith MRLanna a shocrú, ceann amháin le haghaidh cipirmeitrine (cipirmeitrin lena n-áirítear meascáin eile isiméirí comhábhartha (suim d'isiméirí)) agus an ceann eile le haghaidh alfa-cipirmeitrine. Dá bhrí sin, ar bhonn iarraidh ón gCoimisiún, chuir an tÚdarás ráiteas isteach maidir le MRLanna le haghaidh alfa-cipirmeitrine agus maidir le scagadh ar MRLanna an Aontais atá ann cheana le haghaidh cipirmeitrine[9].

(4) A mhéid a bhaineann le cipirmeitrin (cipirmeitrin lena n-áirítear meascáin eile isiméirí comhábhartha (suim d'isiméirí)), tháinig an tÚdarás ar an gconclúid, maidir leis na MRLanna atá ann faoi láthair le haghaidh cipirmeitriní in arbhar milis, síolta borráiste, síolta caimilín agus síolta cnáibe, nó orthu, ar bhonn na nDea-Chleachtas Talmhaíochta atá údaraithe san Aontas faoi láthair, go ndeimhnítear go bhfuil siad sábháilte do

---

4 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2049 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2021 lena ndéantar formheas na substainte gníomhaí cipirmeitrin mar shubstaint atá inbhreithnithe lena hionadú a athnuachan i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 420, 25.11.2021, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2049/oj).

5 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/795 ón gCoimisiún an 17 Bealtaine 2021 lena dtarraingeofar siar an formheas ar an tsubstaint ghníomhach alfa-cipirmeitrin i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 174, 18.5.2021, lch. 2, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/795/oj).

6 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1526 ón gCoimisiún an 6 Meán Fómhair 2017 maidir le neamh-fhormheas na substainte gníomhaí béite-cipirmeitrin, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 231, 7.9.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/1526/oj).

7 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1643 ón gCoimisiún an 5 Samhain 2020 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha foisfíd chailciam, beansóáit dínádóiniam, halocsafop-P, imíodaclóiprid, peinciocúrón agus zéite-cipirmeitrin (IO L 370, 6.11.2020, lch. 18, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/1643/oj).

8 An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia, Tuairim réasúnaithe maidir leis an athbhreithniú ar na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana le haghaidh cipirmeitriní de réir Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005; *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2023;21(3):7800, https://doi.org/10.2903/j.efsa.2023.7800.

9 An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia, Ráiteas maidir le MRLanna le haghaidh alfa-cipirmeitrine agus scagadh ar MRLanna an Aontais atá ann cheana le haghaidh cipirmeitrine; Iris EFSA. 2025;23:e9386, https://doi.org/10.2903/j.efsa.2025.9386.

thomhaltóirí. Dá bhrí sin, ba cheart na MRLanna sin in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a choinneáil ar bun ag na leibhéil atá ann cheana.

(5) Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid freisin maidir leis na MRLanna atá ann faoi láthair le haghaidh cipirmeitriní i gcnónna crann, sútha talún, torthaí réaltúla, duraígh, ocra, pónairí (iad tirim), lintilí (iad tirim), piseanna (iad tirim), lúipíní/pónairí lúipíní (iad tirim), piseanna talún, síolta mustaird, síolta cróch bréige, ruán, arbhar Indiach/arbhar, muiléad, cardamam, spíosraí ó fhréamhacha agus ó riosóm, cánaí siúcra, saill ó chaoirigh, saill ó ghabhair, saill ó eachainmhithe, saill/aenna/duáin/scairteach inite ó éanlaith clóis agus bainne ó chaoirigh/ó ghabhair/ó chapaill, nó ar na nithe sin ar fad, ar bhonn na n-uasleibhéal iarmhar Codex ('CXLanna') atá ann faoi láthair, go ndeimhnítear go bhfuil na MRLanna sin sábháilte do thomhaltóirí. Dá bhrí sin, ba cheart na MRLanna sin in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a choinneáil ar bun ag na leibhéil atá ann cheana i gcomhréir le hAirteagal 14(2), pointe (e), de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(6) Rinne an tÚdarás MRLanna a dhíorthú a thuilleadh ar bhonn na ndea-chleachtas talmhaíochta atá ann faoi láthair a údaraíodh san Aontas le haghaidh cipirmeitríní in ológa boird, meacain bhiatais, meacain dhearga, soiliriac/soilire tornapa, meacain ragaim, bliosáin ghréine, meacain bhána, fréamhacha peirsile, raidisí, salsabh, svaeideanna, tornapaí, oinniúin, biolair, biolair thalún, barra duilleog óga, biolair uisce, costóg, síobhas, duilleoga soilire, peirsil, sáiste, marós, tím, basal agus bláthanna inite, duilleoga labhrais, dragan agus ológa le haghaidh táirgeadh ola, agus ar na nithe sin ar fad, ar leibhéil atá níos airde ná na leibhéil atá ann faoi láthair agus a dheimhnítear a bheith sábháilte do thomhaltóirí. Dá bhrí sin, ba cheart na MRLanna le haghaidh na dtáirgí sin a shocrú in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ag na leibhéil a shainaithníonn an tÚdarás.

(7) Ina theannta sin, dhíorthaigh an tÚdarás MRLanna ar bhonn na CXLanna atá ann faoi láthair le haghaidh cipirmeitriní i gcumcuait, duilleoga caor fíniúna, lus súgach, pónairí soighe, insiltí luibhe ó ghinsing, ilspíosra/pimeantó, piobar Szechuan, cearbhas, caor aitil, piobarchaor, fanaile agus tamarain, nó ar na nithe sin ar fad, ar leibhéil atá níos airde ná na leibhéil atá ann faoi láthair agus a dheimhnítear a bheith sábháilte do thomhaltóirí. Dá bhrí sin, ba cheart na MRLanna le haghaidh na dtáirgí sin in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a shocrú ag na leibhéil a shainaithníonn an tÚdarás i gcomhréir le hAirteagal 14(2), pointe (e), de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(8) Dhíorthaigh an tÚdarás MRL freisin ar bhonn an dea-chleachtais talmhaíochta atá ann faoi láthair agus atá údaraithe sna Stáit Aontaithe le haghaidh cipirmeitríní i sorgam nó ar shorgam, ar leibhéal atá níos airde ná na leibhéil atá ann faoi láthair agus a dheimhnítear a bheith sábháilte do thomhaltóirí. Dá bhrí sin, ba cheart an MRL le haghaidh sorgaim a shocrú in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ag an leibhéal a shainaithníonn an tÚdarás.

(9) Mhol an tÚdarás na MRLanna atá ann cheana le haghaidh cipirimeitríní i bprátaí milse, ubhthorthaí, gairleog, seallóidí, ceathrúna uain, ruachán Rómhánach, mustard dearg agus fréamhacha siocaire, nó orthu, a ísliú, ar bhonn na ndeachleachtas talmhaíochta atá ann faoi láthair agus atá údaraithe san Aontas agus a dheimhnítear a bheith sábháilte do thomhaltóirí, agus d'fhonn MRLanna a shocrú ag leibhéil atá chomh híseal agus is indéanta le réasún. Dá bhrí sin, ba cheart na MRLanna le haghaidh na dtáirgí sin a shocrú in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ag na leibhéil a shainaithníonn an tÚdarás.

(10) Mhol an tÚdarás freisin na MRLanna atá ann cheana a ísliú le haghaidh cipirmeitriní in oráistí, seadóga, líomóidí, líomaí, mandairíní, gircíní, puimcíní, mealbhacáin uisce, fréamhacha casabhaigh, ionaim, ararút, bliosáin chruinne, ros lín, síolta poipín, síolta seasamain, síolta lus na gréine, síolta ráibe, pónairí caife, fréamhacha biatas siúcra, scairteach inite/aenna ó mhuca, scairteach inite/aenna/duáin ó bhuaibhigh, matánach/aenna/duáin/scairteach inite ó chaoirigh, matánach/aenna/duáin/scairteach inite ó ghabhair, matánach/aenna/duáin/scairteach inite ó eachainmhithe, matánach ó éanlaith clóis agus uibheacha éan, nithe a dheimhnítear a bheith sábháilte do thomhaltóirí, i gcomhréir leis na CXLanna atá ann faoi láthair agus d'fhonn MRLanna a shocrú ag leibhéil chomh híseal agus is féidir a bhaint amach le réasún. Dá bhrí sin, ba cheart na MRLanna le haghaidh na dtáirgí sin a shocrú in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ag na leibhéil a shainaithníonn an tÚdarás.

(11) Ina theannta sin, mhol an tÚdarás an MRL atá ann faoi láthair le haghaidh cipirmeitriní ar shíolta cadáis a laghdú, ar MRL é a dheimhnítear a bheith sábháilte do thomhaltóirí, ar bhonn an dea-chleachtais talmhaíochta atá ann faoi láthair agus a údaraítear sna Stáit Aontaithe agus d'fhonn MRLanna a shocrú ag leibhéil atá chomh híseal agus is indéanta le réasún. Dá bhrí sin, ba cheart na MRLanna le haghaidh síolta cadáis a shocrú in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ag an leibhéal a shainaithníonn an tÚdarás.

(12) Cé go bhfuil CXLanna ann le haghaidh iarmhair roinnt isiméirí cipirmeitrine i gcainchí, torthaí ón meispeal Gearmánach, locuatanna, fíonchaora boird, fíniúnacha coiteanna, prátaí, trátaí, cúcamair, cúirséid, mealbhacáin, brocailí, cabáistí cinn, cóilis, bachlóga Bruiséile, cabáistí Síneacha, cáil, sreabháin na Beilge, pónairí (iad úr, a bhfuil faighneoga acu), pónairí (iad úr, gan faighneoga), piseanna (iad úr, a bhfuil faighneoga acu), piseanna (iad úr, gan faighneoga), eorna, coirce, rís, seagal, cruithneacht, matánach/saill ó mhuca, matánach ó bhuaibhigh, saill ó bhuaibhigh agus bainne ó eallaí, nó ar na nithe sin ar fad, níorbh fhéidir leis an Údarás a dheimhniú go bhfuil na CXLanna sin sábháilte do thomhaltóirí. Mhol an tÚdarás na MRLanna atá ann cheana le haghaidh cipirmeitriní sna táirgí sin nó ar na táirgí sin a laghdú go leibhéil a dheimhnítear a bheith sábháilte do thomhaltóirí, ar bhonn an dea-chleachtais talmhaíochta atá ann faoi láthair agus a údaraítear san Aontas agus d'fhonn MRLanna a shocrú ag leibhéil atá chomh híseal agus is indéanta le réasún. Dá bhrí sin, ba cheart na MRLanna le haghaidh na dtáirgí sin a shocrú in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ag na leibhéil a shainaithníonn an tÚdarás.

(13) Shainaithin an tÚdarás rioscaí do-ghlactha maidir leis na MRLanna agus na CXLanna atá ann faoi láthair le haghaidh cipirmeitriní i ndáil le húlla, piorraí, aibreoga, silíní, péitseoga, plumaí, sméara dubha, sútha craobh, lítsíonna, mangónna, papánna, piobair mhilse, cálráibí, leitísí, searbháin muc, spionáistí, puirsleáin, seardas/duilleoga biatais, cainneanna, taenna agus leannlusanna. Chuaigh an tÚdarás i gcomhairle leis na Ballstáit agus d'iarr sé orthu dea-chleachtais talmhaíochta chúltaca fhéideartha le haghaidh na dtáirgí sin a thuairisciú, ar táirgí iad a údaraíodh sna Ballstáit nó i dtríú tíortha agus a ndearnadh meastóireacht orthu cheana ar leibhéal na mBallstát, agus a d'fhágfadh nach mbeadh riosca do-ghlactha ann do thomhaltóirí. Níor sainaithníodh aon dea-chleachtas talmhaíochta cúltaca, áfach. Dá bhrí sin, ba cheart MRLanna le haghaidh cipirmeitriní a ísliú go dtí an teorainn chinnidh a bhaineann go sonrach leis an táirge in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(14) Ós rud é gur shainaithin an tÚdarás nach raibh aon triail ar iarmhair ar fáil chun luachanna MRL a dhíorthú le haghaidh cipirmeitrine in oinniúin earraigh, lintilí (iad úr), cardúin, soilirí, finéal Fhlórans, biabhóg, péacáin bhambú, croíthe pailme, agus insiltí

luibhe ó dhuilleoga agus luibheanna, nó orthu, ba ghá do bhainisteoirí riosca an cheist a scrúdú a thuilleadh. Ina theannta sin, i gcás lintilí (iad úr), tháinig an t-údarás ar an gconclúid nárbh fhéidir sábháilteacht an CXL a dheimhniú. In éagmais na dtrialacha ar iarmhair, ar gá iad chun luach MRL a dhíorthú, measann an Coimisiún gurb iomchuí na MRLanna le haghaidh na dtáirgí sin a shocrú ag na teorainneacha cinnidh a bhaineann go sonrach leis an táirge a leagtar síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(15) I gcás eithreog, fungais fhiáine agus tráchtearraí ó ainmhithe talún feirme eile, a raibh na MRLanna le haghaidh cipirmeitrine ina leith bunaithe ar úsáidí san Aontas nach bhfuil údaraithe a thuilleadh agus nach bhfuil CXLanna ná lamháltais allmhairiúcháin ann ina leith, is iomchuí na MRLanna le haghaidh cipirmeitrine a ísliú go dtí na teorainneacha cinnidh a bhaineann go sonrach leis an táirge in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 gan tuairim ón Údarás a iarraidh i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(16) Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid go bhfuil roinnt faisnéise ann nach raibh ar fáil faoi MRLanna a bhaineann le bachlóga Bruiséile, biolair, biolair thalún agus síolta cadáis agus gur ghá don bhainisteoir riosca an cheist a scrúdú a thuilleadh. Ós rud é nach raibh roinnt faisnéise ar fáil faoi na modhanna anailíseacha le haghaidh táirgí de bhunadh plandaí, faoi na trialacha ar iarmhair maidir le bachlóga Bruiséile, biolair agus biolair thalún, agus faoin gcobhsaíocht stórála le haghaidh síolta cadáis is gá chun measúnú a dhéanamh ar rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann ó iarmhair cipirmeitrine sna táirgí sin nó ar na nithe sin ar fad, ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar na MRLanna nua le haghaidh na dtáirgí sin. Ba cheart a chur san áireamh san athbhreithniú sin an fhaisnéis a bheidh ar fáil laistigh de 2 bhliain tar éis fhoilsiú an Rialacháin seo.

(17) Ina theannta sin, i gcás tae, insiltí luibhe ó bhláthanna agus insiltí luibhe ó dhuilleoga agus luibheanna, léirítear i sonraí faireacháin a rinneadh le déanaí go mbíonn iarmhair cipirmeitriní fós ann. Tá gá le tuilleadh sonraí faireacháin chun measúnú a dhéanamh ar éabhlóid teacht chun cinn cipirmeitriní agus ar cé acu atá nó nach bhfuil bearta éifeachtacha déanta ag oibreoirí gnólachtaí bia chun traséilliú a sheachaint, e.g. traséilliú le cáitheadh sprae a sheachaint. Dá bhrí sin, ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar na MRLanna le haghaidh na dtáirgí sin. Cuirfear san áireamh san athbhreithniú an fhaisnéis a bheidh ar fáil laistigh de 3 bliana tar éis fhoilsiú an Rialacháin seo.

(18) I gcás alfa-cipirmeitrine, mhol an tÚdarás MRLanna ar bhonn leibhéil alfa-cipirmeitrine arna ríomh trí fhachtóirí coinbhéartachta a chur i bhfeidhm maidir leis na húsáidí cipirmeitrine a bhreithnítear san athbhreithniú ar na MRLanna atá ann cheana le haghaidh cipirmeitrine i gcomhréir le hAirteagal 12(1) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005. Dá bhrí sin, ba cheart na MRLanna sin a shocrú in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ag na leibhéil a shainaithníonn an Údarás.

(19) A mhéid a bhaineann le hiarmhair alfa-cipirmeitrine agus cipirmeitrine i dtáirgí nó ar tháirgí nach bhfuil aon dea-chleachtas talmhaíochta údaraithe san Aontas ina leith, agus nach bhfuil CXLanna ná lamháltais allmhairiúcháin ann ina leith, ba cheart MRLanna a shocrú ag na teorainneacha cinnidh a bhaineann go sonrach leis an táirge, nó ba cheart feidhm a bheith ag na MRLanna réamhshocraithe, dá bhforáiltear in Airteagal 18(1), pointe (b), de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(20) Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le saotharlanna tagartha an Aontais Eorpaigh maidir le hiarmhair lotnaidicídí a mhéid a bhaineann leis an ngá teorainneacha cinnidh áirithe a oiriúnú. Mhol na saotharlanna sin teorainneacha cinnidh a bhaineann go sonrach leis an táirge agus ar féidir iad a bhaint amach go hanailíseach.

(21) Chuathas i gcomhairle le comhpháirtithe trádála an Aontais maidir leis na MRLanna nua tríd an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, agus cuireadh a mbarúlacha san áireamh.

(22) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a leasú dá réir sin.

(23) Chun go mbeifear in ann margú, próiseáil agus tomhaltas táirgí a dhéanamh ar an ngnáthshlí, níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le táirgí atá curtha ar an margadh san Aontas sula mbeidh na MRLanna nua le haghaidh alfa-cipirmeitrine agus cipirmeitriní infheidhme agus ar ina leith a áirithítear leibhéal ard cosanta tomhaltóirí. Is amhlaidh atá i gcás gach táirge, cé is moite de sheadóga, oráistí, líomóidí, líomaí, mandairíní, úlla, piorraí, cainchí, torthaí ón meispeal Gearmánach, locuatanna, aibreoga, silíní (iad milis), péitseoga, plumaí, fíonchaora boird, fíniúnacha coiteanna, sméara dubha, sútha craobh (iad dearg agus buí), dátphlumaí Seapánacha, cíobhaíonna (iad glas, dearg agus buí), lítsíonna, dátphlumaí Meiriceánacha, abhacáid, bananaí, mangónna, papánna, pomagránaití, anainn, ionaim, oinniúin, trátaí, piobair, ubhthorthaí, cúcamair, cúirséid, mealbhacáin, puimcíní, mealbhacáin uisce, brocailí, cóilis, bachlóga Bruiséile, cabáistí cinn, cabáistí Síneacha, cáil, cálráibí, ceathrúna uain, leitísí, searbháin muc, roicéad Rómánach, mustard dearg, spionáistí, puirsleáin, seardas/duilleoga biatais, sreabháin na Beilge, pónairí (iad úr, a bhfuil faighneoga acu agus gan faighneoga a bheith acu), piseanna (iad úr, a bhfuil faighneoga acu agus gan faighneoga a bheith acu), lintilí (iad úr), soilirí, bliosáin chruinne, cainneanna, biabhóg, fungais fhiáine, eorna, coirce, rís, seagal, cruithneacht, taenna, leanlusanna, matánach ó mhuca, saill ó mhuca, matánach ó bhuaibhigh, saill ó bhuaibhigh, aenna ó bhuaibhigh, scairteach inite ó bhuaibhigh agus bainní.

(24) Ba cheart tréimhse réasúnta a bheith ann sula mbeidh feidhm ag na MRLanna nua ionas go mbeidh na Ballstáit, tríú tíortha agus oibreoirí gnólachtaí bia in ann iad féin a oiriúnú do na ceanglais nua a thagann as an modhnú ar na MRLanna le haghaidh cipirmeitriní.

(25) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 mar a bhí sé sular leasaíodh é leis an Rialachán seo, beidh feidhm aige go fóill maidir leis na táirgí a cuireadh ar an margadh san Aontas roimh [*Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 6 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*], cé is moite de sheadóga, oráistí, líomóidí, líomaí, mandairíní, úlla, piorraí, cainchí, torthaí ón meispeal Gearmánach, locuatanna, aibreoga, silíní (iad milis), péitseoga, plumaí, fíonchaora boird, fíniúnacha coiteanna, sméara dubha, sútha craobh (iad dearg agus buí), dátphlumaí Seapánacha, cíobhaíonna (iad glas, dearg agus buí), lítsíonna, dátphlumaí Meiriceánacha, abhacáid, bananaí, mangónna, papánna, pomagránaití, anainn, ionaim, oinniúin, trátaí, piobair, ubhthorthaí, cúcamair, cúirséid, mealbhacáin, puimcíní, mealbhacáin uisce, brocailí, cóilis, bachlóga Bruiséile, cabáistí cinn, cabáistí Síneacha, cáil, cálráibí, ceathrúna uain, leitísí, searbháin muc, roicéad Rómánach, mustard dearg, spionáistí, puirsleáin, seardas/duilleoga biatais, sreabháin na Beilge, pónairí (iad úr, a bhfuil faighneoga acu agus gan faighneoga a bheith acu), piseanna (iad úr, a bhfuil faighneoga acu agus gan faighneoga a bheith acu), lintilí

(iad úr), soilirí, bliosáin chruinne, cainneanna, biabhóg, fungais fhiáine, eorna, coirce, rís, seagal, cruithneacht, taenna, leanlusanna, matánach ó mhuca, saill ó mhuca, matánach ó bhuaibhigh, saill ó bhuaibhigh, aenna ó bhuaibhigh, scairteach inite ó bhuaibhigh agus bainní.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón … [*Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = 6 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*